Comhairle Contae Mhaigh Eo
agus Áras Inis Gluaire, Ionad Ealaíne Iorrais

Coimisiún Poiblí Ealaíne/Cónaitheacht - Cúram Ealaíontóra

An Tionscadal: Clár Cónaitheacht Thír Sáile

Iorras, Contae Mhaigh Eo

Fáiltíonn Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Áras Inis Gluaire/Ionad Ealaíne Iorrais roimh aighneachtaí faoi thrí cinn de thionscadail ealaíne poiblí/cónaitheacht in Iorras, Contae Mhaigh Eo.

Is deis iontach é seo d'ealaíontóirí oibriú le pobail agus athchuairt a thabhairt ar roinnt de shuíomhanna dealbhóireachta Thír Sáile le léargas úr ealaíne agus le cur chuige na linne seo i gcleachtas ealaín pobail. Forbraíodh imchuairt Tír Sáile ar dtús beagnach 25 bliain ó shin agus tá clár cuimsitheach cothabhála agus deisithe ar bun ann anois, móide comharthaíocht úr agus suíomh idirlín úr, a sheolfar in éineacht leis an gclár cónaitheachta.

Chomh maith leis an gclár cónaitheachta, beidh an t-ealaíontóir Dorothy Cross ag obair ar thionscadal taighde i rith an tSamhraidh agus táthar ag súil go n-eascróidh coimisiún suntasach nua as an bhliain dár gcionn.

Tá ardcháil ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo as saothar ardchaighdeáin d'ealaín chomhaimseartha a choimisiúnú agus as obair le haos ealaíne in gach réimse den ealaín. I measc na gclár le déanaí, bhí Landmark www.landmarkpublicart.com , Changing Tracks www.changingtracks.eu agus FIND www.findartproject.com ina raibh réimse de chleachtas buan, sealadach, cur i láthair nó cleachtas imeachtlárnach agus faoi smacht an phobail féin. Féach www.publicart.ie faoi chartlann Mhaigh Eo le haghaidh breis eolais faoi roinnt de shaothair ealaíne i gContae Mhaigh Eo agus féach leis ar www.mayococo.ie faoin rannóg ealaín phobail i roinn chothú ealaíne an tsuíomh idirlín le haghaidh breis sonraí faoi choimisiúnaithe reatha agus faoi chartlann tionscadal.

Eolas Bunaidh:

D'eascair coincheap Dealbhóireacht Thír Sáile as fionnachtain an tsuíomh Nua-Chlochaois ba fhorleithne ar domhan in Achaidh Céide ar chósta Thuaidh Mhaigh Eo.

Socraíodh na saothair ealaíne/dealbhóireachta ar an láthair i rith na bliana 1993, bliain chomórtha 5000 Mhaigh Eo, ina raibh fad bliana de cheiliúradh a bhí spreagtha as lorg buan an duine achar ama breis is caoga céad bliain ar thírdhreach Mhaigh Eo idir chré is chloch.

Cruthaíodh na saothair le linn comhdháil dealbhóireachta a mhair trí seachtaine i Meitheamh 1993. Cé go seasann roinnt díobh faoi chruth maith go fóill, tá cuid eile acu imithe ina gceo ó shin.

Cuireadh sraith idirghabháil ailtireachta de chuid an ailtire Mheiriceánaigh Travis Price leis an tírdhreach idir an dá linn agus thig le duine iad a fheiceáil ar shuíomhanna Thír Sáile nó i ngar dóibh.

Tá sraith d'ionaid ealaíne anois fud fad an bhealaigh ó Ionad Ealaíne Bhéal an Átha go Fondúireacht Ealaíne Bhaile an Ghleanna (Baile an Chaisil), agus tá Áras Inis Gluaire/Ionad Ealaíne Iorrais (Béal an Mhuirthead) ar tí 10 mbliain a bhunaithe a chomóradh.

Gheofar tuilleadh eolais ag:

http://www.mayo-ireland.ie/en/things-to-do/museums/tir-saile.html

http://www.mayo.ie/visit/soul/spirit-of-place

http://spiritofplace-design.blogspot.ie/

http://www.arasinisgluaire.ie/

http://www.wildatlanticway.com/directory/activities/hiking-walking/all-walks?view=map

Cuspóirí:

Is mian le clár na gcónaitheachtaí seo athchuairt a thabhairt ar na croícheantair a leagadh amach do Thír Sáile ar dtús le modhanna nua cur chuige in oibriú leis na pobail áitiúla agus i gcruthú nuashaothair ealaíne. Is mian leis an tionscadal dearcadh chun cinn i leith luiteamais i dtairgeadh ealaín phobail chomh maith le bealaí ealaíne agus taithí i dtírdhreach scleondrach Mhaigh Eo Thuaidh san am atá amach romhainn a léiriú.

Fáiltíonn Comhairle Contae Mhaigh Eo roimh iarratais ó ealaíontóirí le tairiscintí na gcoimisiúnaithe/ na gcónaitheachtaí seo a fhorbairt. Thig le healaíontóir cur isteach ar aon suíomh amháin nó ar gach suíomh ach is é an sprioc ealaíontóir ar leith a cheapadh d'achan suíomh.

Moltar d'aos ealaíne iarratas a dhéanamh ar cheann de thrí cheantar, atá i rannóg Iorrais de Thír Sáile, mar atá léirithe i sonraí na nÁiteanna thíos.

Is mian linn taobhú le healaíontóirí nuála d'fhonn saothair ealaíne chomhaimseartha a chruthú, a mheastar a bheith sealadach, neamhbhuan, láithriúil nó a leithéid, saothair a bhéarfas deis don aos ealaíne teacht le tírdhreach Mhaigh Eo Thuaidh agus leis an bpobal.

Measfar gach modh ealaíne. Tá dearcadh solúbtha i leith na gcónaitheachtaí seo agus fáilteofar roimh mheithleacha ealaíontóirí cur isteach orthu freisin.

Áiteanna:

Beidh na cónaitheachtaí i dtrí cinn d'áiteanna roghnaithe i rannóg Iorrais de Thír Sáile agus beidh gréasán tacaíochta ann do gach ealaíontóir/suíomh:

1. **Oileán Chloigeann**

Ainmníodh Oileán Chloigeann ina oileán go hoifigiúil sa bhliain 1991. Tá sé soir ó thuaidh i gCuan an Fhóid Dhuibh, tuairim is 12cm. as Béal an Mhuirthead. Is ceann de Phointí Fionnachtana Mhaigh Eo é ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Tá an t-oileán nasctha le tír mór ag tóchar caol gainimh a scarann Cuan na Trá Móire le Cuan an Fhóid Dhuibh agus tá tránna aoibhne gainimh ina thimpeall. Suíomh L a bhí anseo ar dtús
https://www.mayo.me/claggan-island-on-the-wild-atlantic-way

Comhuimhreacha GPS 54.180133 -9.970805

Naisc phobail/tacaíochta infhaighte – tá cónaí ar phobal beag ar an oileán, muintir Howard san áireamh, a reáchtálann iostas saoire nuálach ar an oileán Féach http://belmulletcgs.com/rooms_type/accommodation/ Is é Scoil Ghleann an Chaisil an teach scoile is gaire, dhá mhíle nó mar sin ar shiúl i mbaile fearainn na Sraithe.

Iostas – Cé go bhféadfadh moil an Chloiginn a bheith ar fáil seal den chónaitheacht, soláthrófar iostas oiriúnach in aice láimhe don ealaíontóir.

2. **Béal an Mhuirthead**

Iarrtar ar ealaíontóirí spreagadh a bhaint as lár an bhaile, suíomh M mar a bhí ar dtús, an droichead, a bhfuil athdroichead curtha ina áit anois, nó suas chuig suíomhanna tosaigh an Fhóid Dhuibh N/O
https://en.wikipedia.org/wiki/Belmullet
http://www.belmullet-ireland.com/

Comhuimhreacha GPS 54.225497 -9.990176

Tá scoileanna, dreamanna agus gnólachtaí éagsúla ar an mbaile. Is leabharlann, seirbhísí comhairle agus teach cúirte in éineacht é foirgneamh ionad na healaíne. Tá amharclann agus spás dánlainne san ionad ealaíne.

Iostas – Cheannaigh Áras Inis Gluaire/ Ionad Ealaíne Iorrais teach ar na mallaibh ina mbeidh ealaíontóirí ar cuairt agus ar cónaitheacht chomh maith leis an ealaíontóir a oibreos i mBéal an Mhuirthead in ann fanacht ann, le taobh lárionad ealaíne an bhaile.

3. **Ceathru Thaidhg**

Fáilteofar roimh ealaíontóirí teacht leis an áit seo nó obair suímh a dhéanamh in aon chuid de. Ba as Caochán na Leathshúile, fathach a luadh sa seanchas Ceilteach, a baisteadh an leathinis. Samhlaítear leis an gcéad aois iar-Chríost

é agus cruthaíodh íomhá de ar learga an tsléibhe os cionn Sruth Mhada Con. Ba é seo suíomh J ar dtús ar an imchuairt.
https://en.wikipedia.org/wiki/Carrowteige

Tugtar faoi deara le do thoil mar gur ceantar Gaeltachta é seo go mbeidh tosaíocht ag cainteoirí Gaeilge nó ag tionscadail ina mbeidh an Ghaeilge iontu le haghaidh na cónaitheachta áirithe seo.

Comhuimhreacha GPS 54.311139 -9.821348

Tá roinnt áiteanna iostais féinfhreastail in aice láimhe agus soláthrófar áit oiriúnach don ealaíontóir a thoghfar.

An Seoladh agus Comhdháil:

Beidh comhdháil móide imeachtaí seolta do na torthaí cónaitheachta i Meán Fómhair. Beidh sé seo in Áras Inis Gluaire/ Ionad Ealaíne Iorrais agus beidh cur i láthair na saothar nua ealaíne, cuairt ar na suíomhanna b'fhéidir, agus aoichainteoirí ag meá bunús an turais agus modh comhaimseartha na healaíne poiblí. Labhróidh Dorothy Cross faoina chleachtas chomh maith mar chuid den imeacht seo.

An Caiteachas:

Is é **€10,000 ar gach cónaitheacht** an t-uasmhéid caiteachais a chuimseoidh dearadh, soláthar, insuíomh nó cur i láthair, táille an ealaíontóra agus aon tionscnamh pobal-lárnaithe, gach costas san áireamh, CBL, árachas agus aon chostas eile.

Tá sé seo bunaithe ar sheal aon mhí amháin cónaitheachta nó gar dó, ar thréimhse coicís taighde agus forbartha agus ar fhreastal ar na himeachtaí seolta.

Glactar leis go roinnfear gar do €7,500 ar tháille an ealaíontóra agus €2,500 ar na hábhair nó ar chostais eile cónaitheachta nó cur i láthair/costais dá bharr. Tá fáilte roimh thuairim an ealaíontóra féin faoi mhionghnéithe de chaiteachas an tionscnaimh.

Sa Bhreis ar an gCaiteachas seo:
Soláthrófar iostas do thréimhse iomlán na cónaitheachta agus soláthrófar chomh maith tacaíocht i dtaobh cáipéisíochta, costais an tseolta, na margaíochta srl.

Léiriu Spéise agus Córas na hIomaíochta:

Is comórtas aon chéim amháin ar dtús é seo do gach ealaíontóir. Munar féidir teacht ar chinneadh glan bunaithe ar an gcéad chéim, agus más gá tuilleadh mioneolais agus iarratas a iarraidh, b'fhéidir go n-iarrfar ar líon teoranta ealaíontóirí breis moltaí a fhorbairt. Íocfar honorarium le gach ealaíontóir ar an ngearrliosta.
Riachtanais na gcéad iarratas:

- Cuntas gearr a bhéarfas aon réamhthuairim de choincheap nó de chur chuige i leith cónaitheachta
- Léiriú ar rogha suímh
- Sracmhíniú ar chomhpháirtíocht thualangach mhuintir na háite/lonnaitheoirí
- An rogha clár ama
- CV agus eiseamláirí de shaothar roimhe seo

Critéir an roghnaithe:

Tairbhe ealaíonta agus nuála an chur chuige i leith na cónaitheachta agus an toradh nó torthaí a d'fhéadfadh eascairt as
An gaol le comhthéacs sóisialta, fisiciúil agus cultúir na háite
An réamhthaithí / léiriú ar chumas an tionscnamh a chur i gcrích
Luach an airgid
A bheith ar fáil agus a bheith dírithe ar riachtanais an chlár ama

Meitheal an Roghnaithe: Saineolas ábhartha ealaíne, Ionad Ealaíne Iorrais, Comhairle Contae Mhaigh Eo agus ionadaíocht an phobail.

Coimeádann Comhairle Contae Mhaigh Eo an ceart gan coimisiúnú mura molann meitheal an roghnaithe aon toghadh.

An Clár Ama Molta:

Q&A oscailte d'ealaíontóirí in Ionad Ealaíne Iorrais	12r.n. Déardaoin 16 Márta 2017
Spriocam d'aighneachtaí agus don chóras roghnaithe	4i.n. 6 Aibreán 2017
Tréimhse taighde agus Forbartha (coicís nó gar dó)	Bealtaine/Meitheamh 2017
Tréimhse na Cónaitheachta (mí amháin nó gar dó)	Iúil/Lúnasa 2017
Imeachtaí seolta agus seimineár	Meán Fómhair 2017

Q&A d'ealaíontóirí:

Áras Inis Gluaire/ Ionad Ealaíne Iorrais ag 12r.n. Déardaoin 16 Márta
Beidh Gaynor Seville, Comhordaitheoir Ealaíon Pobail agus Brendan Murray, Stiúrthóir an Ionad Ealaíne ar fáil le cur síos a thabhairt ar an gcúram agus le ceisteanna a fhreagairt.

Ní den riachtanas a bheith i láthair ach más mian leat freastal cuir scéala le do thoil chuig Gaynor Seville, Comhordaitheoir Ealaíon Pobail gseville@mayococo.ie

SPRIOCAM AIGHNEACHTA: 4.00i.n. Déardaoin 6 Aibreán 2017
Tugtar faoi deara le do thoil nach spriocam 'posted by' é seo,

Aighneachtaí: Aighneachtaí le seoladh chuig:

Gaynor Seville, Comhordaitheoir Ealaíon Pobail,
Co. Co. Mhaigh Eo, Áras an Chontae, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo

Aigneacht ríomhphoist: Cinntigh go bhfuil gach comhad faoi iamh níos lú ná 10MB i gcomhad mionaithe. Is gá Dropbox d'aighneacht os a chionn sin.

Má sholáthraítear aon ábhar mór breise is faoin ealaíontóir féin an méid sin a bhailiú i ndiaidh don choiste a mbreith a thabhairt.

GACH ceist chuig Gaynor Seville:
E: gseville@mayococo.ie T: 094 904 7561